# Comhaontú na Cathrach Glaise

## Nóta Míniúcháin ar Mhonatóireacht agus Tuairisciú & Tacar Táscairí Éigeantacha

*Soláthraítear thíos forbhreathnú gearr ar chlocha coirnéil riachtanais mhonatóireachta agus tuairiscithe Chomhaontú na Cathrach Glaise, mar aon le tacar na dtáscairí éigeantacha i leith gach aon cheann de na cúig réimse arna gclúdach i gComhaontú na Cathrach Glaise: aer, uisce, an dúlra & an bhithéagsúlacht, dramhaíl agus an geilleagar ciorclach, agus torann.*

### Tuairisciú mar chomhchuid lárnach de Chomhaontú na Cathrach Glaise

Ceanglaítear ar chathracha atá ina sínitheoirí tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta acu sna cúig réimse éagsúla de Chomhaontú na Cathrach Glaise. Léireofar leis an gcóras Monatóireachta agus Tuairiscithe – atá fós á fhorbairt - an dul chun cinn atá déanta i dtreo na spriocanna seo.

Is iad príomhchuspóirí an tuairiscithe faoi chuimsiú Chomhaontú na Cathrach Glaise dá bhrí sin:

- Fianaise a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a bhfuil cathracha atá ina sínitheoirí ag dul chun cinn i dtreo chúig sprioc Chomhaontú na Cathrach Glaise;
- Cur ar chumas cathracha atá ina sínitheoirí an dul chun cinn atá déanta acu féin a thagarmharcáil in aghaidh an mhéid atá déanta ag a gcomhchathracha.

### Táscairí éigeantacha

Tá tacar iomlán na dtáscairí éigeantacha le fáil ar na leathanaigh ina dhiaidh seo.

D'fhonn an iomarca ualaigh ar chathracha a sheachaint, tá teorainn curtha le líon na dtáscairí éigeantacha agus níl sé ceaptha dá bhrí sin chun leithead iomlán gach aon réimse de Chomhaontú na Cathrach Glaise a chlúdach.

I dteannta leis na táscairí éigeantacha, tá fáilte roimh chathracha leas a bhaint as táscairí eile arna sainmhíniú go háitiúil chun an dul chun cinn atá déanta i dtreo a spriocanna sainiúla áitiúla a mhonatóiriú.

### Úsáid na dtáscairí éigeantacha

Cuirtear na táscairí éigeantacha i bhfeidhm chun na gcríoch seo a leanas:

- An bhunlíne (i.e. an pointe tosaigh i ngach aon réimse) a dheimhniú laistigh de dhá bhliain ó Chomhaontú na Cathrach Glaise bheith sínithe acu.
- Athruithe i gcomparáid leis an mbunlíne a thuairisciú i rithim rialta de thrí bliana.

### Uirlis tuairiscithe

Beidh an uirlis tuairiscithe le fáil go gairid. I dtéarmaí praiticiúla, beidh ort dhá rannán a chomhlánú: táscairí éigeantacha agus bearta.

Táscairí éigeantacha: Tá sé i gceist go ndéanfar tuairisciú ar líne trí uirlis thiomnaithe ina bhféadfar luachanna an táscaire a chur isteach go díreach.

Bearta: I gcás na mbeart *beartaithe* (→ tuairisciú bunlíne) agus na mbeart *atá curtha i bhfeidhm* (→ tuairisc ar an dul chun cinn) caithfear teimpléad a chomhlánú (as Béarla) a bhféadfar a uaslódáil ansin ar an réimse tiomnaithe chun a dtuairiscithe ar an suíomh gréasáin.

# Aer

*Tiomnaíonn cathracha d'fheabhas mór a chur ar cháilíocht an aeir i gcathracha trí theacht níos gaire do dhéanamh de réir na dtreoirlínte maidir le cáilíocht an aeir ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS), agus deireadh a chur leis na sáruithe ar chaighdeáin an Aontais Eorpaigh maidir le cáilíocht an aeir chomh luath agus is féidir.*

— **Leibhéil tiúchain PM2.5 [an meán bliantúil is airde a braitheadh ag stáisiúin cúlra (fo-)uirbeacha]**

Comharthaíonn an táscaire seo na meánleibhéil tiúchain bliantúla d'ábhar cáithníneach (PM) 2.5 ag na leibhéil chúlra is airde.

TAG: Treoracha AE maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh (2008/50/CE agus 2004/107/CE) agus Treoirlínte nua na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Cáilíocht an Aeir

— **Leibhéil tiúchana laethúla $PM_{10}$ [an líon is airde laethanta sa bhliain ina sáraítear moladh na hEagraíochta Domhanda Sláinte de 45 $\mu g/m^3$ a bhraitear ag aon cúlra fo-uirbeach nó uirbeach nó stáisiún tráchta]**

Leis an táscaire seo, léirítear an t-ábhar cáithníneach $PM_{10}$ i laethanta ina sáraítear 45 $\mu g/m^3$ ag aon chúlra fo-uirbeach nó uirbeach nó stáisiún tráchta.

TAG: Treoracha AE maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh (2008/50/CE agus 2004/107/CE) agus Treoirlínte nua na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Cáilíocht an Aeir

— **Leibhéil tiúchain $NO_2$ (an meán bliantúil is airde a braitheadh ag stáisiúin tráchta)**

Sainaithníonn an táscaire seo na meánleibhéil bhliantúla tiúchain dé-ocsaíde nítrigine ($NO_2$) ag na háiteanna a bhfuil na leibhéil tráchta is airde.

TAG: Treoracha AE maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh (2008/50/CE agus 2004/107/CE) agus Treoirlínte nua na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Cáilíocht an Aeir

# Uisce

*Tiomnaíonn cathracha do dhul chun cinn mór a dhéanamh chun feabhas a chur ar cháilíocht dobharlach agus ar éifeachtúlacht na húsáide uisce.*

— **Tomhaltas uisce ag teaghlaigh (lítir/per capita/lá)**

Tomhaistear an méid uisce a úsáideann teaghlaigh leis an táscaire seo agus ríomhtar é mar lítir per capita in aghaidh an lae.

TAG:

E.g. Gradam Phríomhchathair Ghlas na hEorpa 2023 Nóta Treorach (Bealtaine 2020).

— **Innéacs Ligin Bonneagair (ILI)**

Is éard tá in Innéacs Ligin Bonneagair (ILI) ná cóimheas na Réadchailliúintí Reatha Bliantúla (CARL) in aghaidh na Réadchailliúintí Dosheachanta Bliantúla (UARL)

ILI = CARL/UARL

Tá an ILI ina tháscaire feidhmíochta do ligean uisce lena gcoigeartaítear an chailliúint tomhaiste tríd an brú seirbhíse agus fad an líonra a chur sa chuntas.

TAG:

Canfora P., Antonopoulos I. S., Dri M., Gaudillat P., Schönberger H. (2019) Best Environmental Management Practice for the Public Administration Sector (An Dea-chleachtas Bainistíochta Comhshaoil d'Earnáil an Riaracháin Phoiblí). An tAirmheán Comhpháirteach Taighde, Science for Policy Report EUR 29705 EN; Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine

— **An céatadán d'fhuíolluisce a shásaíonn riachtanais na Treorach maidir le Fuíolluisce Uirbeach (UWWTD) (maidir le bailiú agus cóireáil thánaisteach)**

An céatadán den ualach fuíolluisce atá géilliúil do cheanglais na Treorach maidir le Fuíolluisce Uirbeach (UWWTD) maidir le bailiú agus cóireáil thánaisteach.

TAG:

An Treoir maidir le Fuíolluisce Uirbeach (UWWTD) faoi bhailiú (Alt 3) agus cóireáil thánaisteach (Alt 4).

# An Dúlra & an Bhithéagsúlacht

*Tiomnaíonn cathracha do dhul chun cinn mór a dhéanamh chun an bhithéagsúlacht uirbeach a chaomhnú agus a fheabhsú, lena n-áirítear méadú a chur ar fhairsinge agus ar cháilíocht na limistéar glas i gcathracha, deireadh a chur le cailliúint éiceachóras uirbeach, agus éiceachórais uirbeacha a athchóiriú.*

— **An céatadán de limistéir chosanta nádúrtha, limistéir athchóirithe agus limistéir arna dtabhairt chun cineáil ar thalamh phoiblí sa bhardas**

Táscaire stádais agus treochta lena measúnaítear an clúdach de limistéir chosanta nádúrtha, limistéir athchóirithe agus limistéir arna dtabhairt chun cineáil sa bhardas i gcoibhneas le limistéir dromchla an bhardais ar fad.

TAG:

An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD) (2014) User's Manual on the Singapore Index on Cities' Biodiversity (Lámhleabhar Úsáideoirí ar Innéacs Shingeapór maidir le Bithéagsúlacht Cathracha); Maes J et al., Enhancing Resilience of Urban Ecosystems through Green Infrastructure (Athléimneacht na nÉiceachóras Uirbeach a Threisiú trí Bhonneagar Glas). Tuarascáil Deiridh, EUR 29630 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2019; Dumitru, A.; Wendling, L. (2021) Evaluating the Impact of Nature-based Solutions: Appendix of Methods. Publications Office of the European Union, Brussels, 2021, ISBN 978-92-76-22960-5, doi:10.2777/11361. .

— **An céatadán de chlúdach forscátha crann laistigh den chathair**

Táscaire stádais lena measúnaítear an cion de chrainn fhásta (a bhfuil an acmhainn leo fás go haibíocht iomlán) i gcoibhneas le limistéar na cathrach, agus lena dtugtar táscaire nascachta.

TAG:

Doick et al. (2019) The Canopy Cover of England's Towns and Cities: baselining and setting targets to improve human health and well-being (Clúdach Ceannbhrait Bhailte agus Chathracha Shasana: spriocanna a bhunlíniú agus a shocrú chun feabhas a chur ar shláinte agus folláine an duine); Léarscáil Uibreach na hEorpa.

— **Athrú ar an líon de speicis éan i limistéir uirbeacha/limistéir chomhthógtha sa chathair**

Táscaire treochta lena gcuirtear ar fáil forbhreathnú ar na hathruithe ar éagsúlacht na speiceas: éin a úsáid mar ionadaí do chaighdeán na gnáthóige; tá tábhacht ag baint leis an bhfócas ar limistéir an-chomhthógtha áit a mbíonn an líon speiceas níos ísle go dosheachanta ná an líon atá le fáil in éiceachórais nádúrtha; féadann athrú tarlú trí athbhunú nó díobhadh speiceas.

TAG:

CBD (2014) User's Manual on the Singapore Index on Cities' Biodiversity (Lámhleabhar Úsáideoirí ar Innéacs Shingeapór maidir le Bithéagsúlacht Cathracha).

# Dramhaíl & an Geilleagar Ciorclach

*Tiomnaíonn cathracha do dhul chun cinn a dhéanamh i dtreo an gheilleagair chiorclaigh trí fheabhas mór a chur ar bhainistiú dramhaíola tí i gcathracha, laghdú mór a chur ar an méid bruscair a ghintear agus a chuirtear i láithreáin líonta talún, agus méadú mór ar athúsáid, deisiú agus athchúrsáil.*

— **An méid dramhaíola per capita a ghintear i gcathracha (tonaí)**

Tomhaistear leis an táscaire seo meáchan na dramhaíola cathrach a ghintear sa chathair, lena a n-áirítear dramhaíl a ullmhaítear chun a easpórtála roimh chóireáil i dtéarmaí per capita.

Is ceart an táscaire a imdhealú sna codáin dhifriúla dramhaíola (feic Eurostat)

a mhéid is féidir.

Is féidir an táscaire a shloinneadh mar "tonaí dramhaíola cathrach a ghintear per capita in aghaidh na bliana".

TAG:

Sainmhíniú Bhunachar Sonraí Eurostat; Treoir um Bhailiúchán Eurostat.

— **Ráta athchúrsála dramhaíola cathrach (%)**

Tomhaistear leis an táscaire seo an cion de dhramhaíl athchúrsáilte cathrach mar chuid den dramhaíl iomlán cathrach a ghintear. Áirítear ar athchúrsáil athchúrsáil ábhair, múiríniú agus an díleá anaeróbach. Sloinntear an cóimheas mar chéatadán (%) mar go dtomhaistear an dá théarma san aonad céanna, sé sin tonaí.

TAG:

Sainmhíniú Bhunachar Sonraí Eurostat; Treoir um Bhailiúchán Eurostat; Comhpháirtíocht an AE um Chlár Oibre Uirbeach maidir leis an nGeilleagar Ciorclach.

— **Dramhaíl cathrach curtha i láithreáin líonta talún (%)**

Tomhaistear leis an táscaire seo an cion de dhramhaíl cathrach arna bailiú laistigh de theorainn na cathrach a chuirtear i láithreáin líonta talún (laistigh de theorainn na cathrach agus taobh amuigh di) i gcéatadán. Sloinntear an táscaire mar "tonaí dramhaíola cathrach i láithreáin talún/ tonnaí dramhaíola cathrach a bailíodh". Ina theannta sin, is féidir é a shloinneadh i ndearbhthéarmaí per capita chun comparáid idir cathracha a chumasú.

TAG:

Treoir um Bhailiúchán Eurostat.

# Torann

*Tiomnaíonn cathracha do laghdú suntasach a chur ar thruailliú torainn i gcathracha agus teacht níos gaire do dhéanamh de réir na leibhéal atá molta ag EDS.*

— **An céatadán den daonra atá gan chosaint ó mheánleibhéil torainn lae-tráthnóna-oíche (Lden) ≥ 55 dB**

An céatadán den daonra atá gan chosaint ó mheánleibhéil torainn lae-tráthnóna-oíche (Lden) ≥ 55 dB.

TAG:

Treoir maidir le Torann Timpeallachta (TTT) (2002/49/CE) Alt 5, Alt 6; Iarscríbhinn II; EEA, Exposure of Europe's population to environmental noise (Neamhchosaint dhaonra na hEorpa ar thorann timpeallachta).

— **An céatadán den daonra atá gan chosaint ar thorann oíche (Lnight) ≥ 50 dB**

An céatadán den daonra atá gan chosaint ar thorann oíche (Lnight) ≥ 50 dB.

TAG:

Treoir maidir le Torann Timpeallachta (TTT) (2002/49/CE) Alt 5, Alt 6; Iarscríbhinn II; EEA, Exposure of Europe's population to environmental noise (Neamhchosaint dhaonra na hEorpa ar thorann timpeallachta).

— **An céatadán den daonra (aosach) a bhfuil An-Suaitheadh Codlata orthu**

Is féidir sonraí maidir le neamhchosaint ar thorann (i.e. ó tháscairí 1 & 2 thuas) a chomhcheangal leis an ngaolmhaireacht le héifeacht na dáileoige (i.e. foirmlí lena sainítear an chaoi a dtagann athrú ar an éifeacht mar fheidhm den neamhchosaint), chun riosca éifeachtaí díobhálacha an torainn ar an tsláinte a ríomh. Tá "An-Suaitheadh Codlata" mar cheann de na héifeachtaí (nó 'pointí deiridh sláinte') ar féidir iad a ríomh; baineann sé leis an táscaire Lden thuas.

TAG:

Treoir (AE) 2020/367 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn III le Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le modhanna measúnaithe a bhunú i gcomhair éifeachtaí díobhálacha a bhaineann le torann timpeallachta; EEA (2019) Environmental noise in Europe — 2020 (Torann timpeallachta san Eoraip — 2020).